Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2020

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# EALAÍN

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

**150 Marc**

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

| C.1 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas agus **dhá** shampla ainmnithe. | **10** | 5 mharc as an bplé,<br>5 mharc le haghaidh ainmneacha (3/2). |
| **B** | Cur síos agus plé ar dhéantúsán **a haon:** tagair d'fhoirm, d'fheidhm, do theicnící agus do mhaisiú. | **10** | |
| **C** | Cur síos agus plé ar dhéantúsán **a dó:** tagair d'fhoirm, d'fheidhm, do theicnící agus do mhaisiú. | **10** | |
| **D** | Cur síos gairid agus plé ar cá háit agus cén chaoi ar aimsigh daoine na Cré-umhaoise a gcuid amhábhar. | **10** | |
| **E** | Sceitsí. | **10** | |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.2 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas agus cur síos agus plé ar **Ghallán an Tuair Rua** le tagairt d'fhoirm agus d'fheidhm. | **15** | |
| **B** | Plé ar an ráiteas agus cur síos agus plé ar **Ghallán an Tuair Rua** le tagairt do theicnící clochadóireachta agus do mhaisiúchán. | **15** | |
| **C** | Cur síos agus plé achomair ar shampla ainmnithe **amháin** eile de shnoíodóireacht chloiche ón tréimhse chéanna in Éirinn. | **15** | 5 mharc as an ainm,<br>10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **D** | Sceitsí. | **5** | 2 mharc as an léaráid a tugadh,<br>3 mharc as sampla eile. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.3 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas. | **10** | |
| **B** | Cur síos agus plé a dhéanamh ar an léaráid a thugtar le tagairt d'ábhar agus d'íomhánna. | **10** | |
| **C** | Cur síos agus plé a dhéanamh ar an léaráid a thugtar le tagairt don ornáidiú agus do dhathanna. | **10** | |
| **D** | Ainm agus cur síos agus plé achomair ar lámhscríbhinn Éireannach ainmnithe **amháin** eile. | **15** | 5 mharc as an ainm,<br>10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **E** | Sceitsí. | **5** | 2 mharc as an léaráid a tugadh,<br>3 mharc as sampla eile. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.4 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas a thugtar agus sampla ainmnithe **amháin** d'ailtireacht Phallaidiach na hÉireann. | **10** | 5 mharc as an ainm,<br>5 mharc as an bplé. |
| **B** | Cur síos agus plé ar d'fhoirgneamh roghnaithe le tagairt don ailtire, do na gnéithe ailtireachta agus don mhaisiúchán inmheánach. | **15** | |
| **C** | Cur síos agus plé achomair ar shampla ainmnithe **amháin** eile d'ailtireacht Sheoirseach in Éirinn. | **15** | 5 mharc as an ainm,<br>10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **D** | Sceitsí. | **10** | |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.5 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas le tagairt do '**Snámh na Life**': ábhar agus comhdhéanamh. | **15** | |
| **B** | Plé ar an ráiteas le tagairt do '**Snámh na Life**': stíl agus teicnící. | **15** | |
| **C** | Cur síos agus plé achomair ar phéintéireacht ainmnithe **amháin** eile le Jack B. Yeats. | **15** | 5 mharc as an ainm, 10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **D** | Sceitsí. | **5** | 2 mharc as an léaráid a tugadh, 3 mharc as sampla eile. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.6 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas le tagairt do '**Fionn Mac Cumhaill agus a Chúnna**'**:** ábhar agus comhdhéanamh/foirm. | **15** | |
| **B** | Plé ar an ráiteas le tagairt do '**Fionn Mac Cumhaill agus a Chúnna**'**:** bunábhair agus suíomh. | **15** | |
| **C** | Cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile atá bunaithe ar mhiotaseolaíocht agus finscéalta na hÉireann. | **15** | 5 mharc as an ainm, 10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **D** | Sceitsí. | **5** | 2 mharc as an léaráid a tugadh, 3 mharc as sampla eile. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.7 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Cur síos agus plé ar shaothar an ealaíontóra/dearthóra roghnaithe. | **10** | |
| **B** | Plé mionsonraithe ar shaothar ainmnithe **a haon** agus tagairt don ábhar / feidhm, don stíl, do na meáin / bunábhair, do na teicníochtaí, agus do na tionchair. | **15** | 5 mharc as an ainm,<br>10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **C** | Plé mionsonraithe ar shaothar ainmnithe **a dó** agus tagairt don ábhar / fheidhm, don stíl, do na meáin / bunábhair, do na teicníochtaí, agus do na tionchair. | **15** | 5 mharc as an ainm,<br>10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **D** | Sceitsí. | **10** | |
| | Iomlán. | **50** | |

# Roinn II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá Inniu)

| C.8 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas le tagairt d'eaglais nó d'ardeaglais Ghotach ainmnithe **amháin**. | **10** | 5 mharc as an ainm,<br>5 mharc as plé ar an ráiteas. |
| **B** | Cur síos agus plé ar an eaglais nó ar an ardeaglais Ghotach roghnaithe le tagairt don struchtúr, don leagan amach agus don mhaisiúchán dealbhóireachta. | **20** | |
| **C** | Cur síos agus plé achomair ar thábhacht na gloine daite sa ré Ghotach. | **10** | |
| **D** | Sceitsí. | **10** | |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.9 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas. | **10** | |
| **B** | Cur síos agus plé ar '**Cath San Romano**' le tagairt don ábhar agus don chomhdhéanamh. | **10** | |
| **C** | Cur síos agus plé a dhéanamh ar '**Cath San Romano**' le tagairt do na teicnící agus do láimhseáil na fíorach daonna. | **10** | |
| **D** | Cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Paulo Uccello. | **15** | 5 mharc as an ainm,<br>10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **E** | Sceitsí. | **5** | 2 mharc as an léaráid a tugadh,<br>3 mharc as sampla eile. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.10 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas. | **10** | |
| **B** | Plé ar '**Pietá**' ag tagairt d'ábhar agus do chomhdhéanamh. | **10** | |
| **C** | Plé ar '**Pietá**' le tagairt do theicnící agus do láimhseáil na fíorach daonna. | **10** | |
| **D** | Cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Michelangelo. | **15** | 5 mharc as an ainm, 10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **E** | Sceitsí. | **5** | 2 mharc as an léaráid a tugadh, 3 mharc as sampla eile. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.11 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas le tagairt do '**Na hAmbasadóirí**': ábhar agus comhdhéanamh. | **15** | |
| **B** | Plé ar an ráiteas le tagairt don stíl, do **'Na hAmbasadóirí':** stíl, teicnící agus láimhseáil na fíorach daonna. | **15** | |
| **C** | Cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Hans Holbein. | **15** | 5 mharc as an ainm, 10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **D** | Sceitsí. | **5** | 2 mharc as an léaráid a tugadh, 3 mharc as sampla eile. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.12 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas. | **10** | |
| **B** | Plé ar '**Tráthnóna Domhnaigh ar Oileán La Grande Jatte – 1884**' le tagairt d'ábhar agus do chomhdhéanamh. | **10** | |
| **C** | Plé ar '**Tráthnóna Domhnaigh ar Oileán La Grande Jatte – 1884**' le tagairt do dhath, do stíl agus do theicnící. | **10** | |
| **D** | Cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Seurat. | **15** | 5 mharc as an ainm,<br>10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **E** | Sceitsí. | **5** | 2 mharc as an léaráid a tugadh,<br>3 mharc as sampla eile. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.13 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Pictiúr ainmnithe le Salvador Dalí. | **5** | |
| **B** | Plé ar an ráiteas le tagairt don phictiúr roghnaithe: ábhar agus comhdhéanamh. | **10** | |
| **C** | Plé ar an ráiteas le tagairt don phictiúr roghnaithe: stíl, dath agus teicnící. | **10** | |
| **D** | Cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Dalí. | **15** | 5 mharc as an ainm,<br>10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **E** | Sceitsí. | **10** | |
| | Iomlán. | **50** | |

| **C.14** | | **Marcanna** | **Nótaí** |
|---|---|---|---|
| **A** | Ainm an tsaothair roghnaithe. | **5** | |
| **B** | Cur síos agus plé ar an saothar atá roghnaithe le tagairt don ealaíontóir, don ábhar, don stíl, don chomhdhéanamh/foirm, do na bunábhair, do na teicnící agus don ré ina ndearnadh an saothar. | **20** | |
| **C** | Cur síos agus plé achomair ar shaothar **amháin** eile leis an ealaíontóir atá roghnaithe agat. | **15** | 5 mharc as an ainm,<br>10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **D** | Sceitsí. | **10** | |
| | Iomlán. | **50** | |

| **C.15** | | **Marcanna** | **Nótaí** |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar fhorbairt na stíle nó na gluaiseachta ealaíne roghnaithe. | **10** | |
| **B** | Cur síos ar phríomhthréithe na stíle nó na gluaiseachta ealaíne atá roghnaithe agat. | **10** | |
| **C** | Cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** le healaíontóir ainmnithe a bhfuil a s(h)aothar ina shampla tipiciúil den stíl nó den ghluaiseacht seo. | **20** | 5 mharc as an saothar ainmnithe,<br>5 mharc as an ealaíontóir ainmnithe,<br>10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **D** | Sceitsí. | **10** | |
| | Iomlán. | **50** | |

# Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

| C.16 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Ainm gailearaí, músaeim nó ionad léirmhíniúcháin roghnaithe agus plé ar an ráiteas. | **10** | 5 mharc as an ainm,<br>5 mharc as an bplé. |
| **B** | Cur síos ar **dhá** dhéantúsán ainmnithe agus ar conas a chuir rochtain ar agus eolas faoi na déantúsáin sin le do chuid foghlama. | **15** | 5 mharc as na déantúsáin ainmnithe (3/2),<br>5 mharc as an gcur síos,<br>5 mharc as an bplé. |
| **C** | Breac-chuntas ar na dúshláin a bhaineann leis na hearraí seo a leanas a chur i láthair le haghaidh taispeántais. | **15** | 5/5/5 |
| **D** | Sceitsí. | **10** | |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.17 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas le tagairt don léaráid a thugtar: coincheapa agus ábhair. | **15** | |
| **B** | Plé ar an ráiteas le tagairt don léaráid a thugtar: dath agus tionchar físiúil. | **15** | |
| **C** | Breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc i gcomhair píosa ealaíne inchaite bunaithe ar stíl ealaíne a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. Fáthanna le do chinntí deartha. | **15** | |
| **D** | Sceitsí. | **5** | |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.18 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas le tagairt don léaráid a thugtar: scála agus bunábhair. | **15** | |
| **B** | Plé ar an ráiteas le tagairt don léaráid a thugtar: dath agus tionchar físiúil. | **15** | |
| **C** | Breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc i gcomhair mórthaibhsiú 'ealaíon sráide' a cheiliúrann oidhreacht ealaíne na hÉireann. Fáthanna le do chinntí deartha. | **15** | |
| **D** | Sceitsí. | **5** | |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.19 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas le tagairt don léaráid a thugtar: foirm agus dath. | **15** | |
| **B** | Plé ar an ráiteas le tagairt don léaráid a thugtar: stíl agus bunábhair. | **15** | |
| **C** | Breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc i gcomhair píosa troscáin inbhuanaithe a bheadh oiriúnach le haghaidh seomra páiste. Fáthanna le do chinntí deartha. | **15** | |
| **D** | Sceitsí. | **5** | |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.20 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Físchluiche ainmnithe. | **5** | |
| **B** | Plé ar an ráiteas agus ar an bhfíschluiche roghnaithe le tagairt don choincheap agus do dhearadh na gcarachtar. | **10** | |
| **C** | Plé ar an ráiteas agus ar an bhfíschluiche roghnaithe le tagairt do dhearadh na timpeallachta. | **10** | |
| **D** | Breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc i gcomhair físchluiche oideachasúil atá bunaithe ar ghailearaí ealaíne nó músaem. Fáthanna le do chinntí deartha. | **15** | |
| **E** | Sceitsí. | **10** | |
| | Iomlán. | **50** | |